Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/539

10.3.2026

**CINNEADH (AE) 2026/539 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 20 Eanáir 2026**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Infheistíocht a Éascú arna bhunú leis an gComhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Infheistíocht a Éascú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla ('an Comhaontú') i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2024/829 ón gComhairle ([1]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2024.

(2) De bhun Airteagal 45(1) den Chomhaontú, beidh an chumhacht ag an gCoiste um Infheistíocht a Éascú ('an Coiste') cinntí a dhéanamh i gcás ina bhforáiltear dó sin sa Chomhaontú.

(3) Foráiltear le hAirteagal 44(2) den Chomhaontú go bhfuil an Coiste lena rialacha nós imeachta féin a ghlacadh ag a chéad chruinniú.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste a bhunú, ós rud é go mbeidh an cinneadh atá beartaithe ag an gCoiste a mhéid a bhaineann le glacadh a Rialacha Nós Imeachta ina cheangal ar an Aontas.

(5) Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, is é ba cheart a bheith ann tacú le glacadh an chinnidh ón gCoiste a mhéid a bhaineann le glacadh a Rialacha Nós Imeachta, toisc go bhfuil gá leis na Rialacha Nós Imeachta sin le haghaidh feidhmiú cuí an Choiste,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Infheistíocht a Éascú ('an Coiste'), beidh sé bunaithe ar théacs an dréachtchinnidh ón gCoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

2. Féadfaidh ionadaithe ón Aontas sa Choiste mioncheartúcháin theicniúla ar an dréachtchinneadh ón gCoiste a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Eanáir 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. KERAVNOS

---

([1]) Cinneadh (AE) 2024/829 ón gComhairle an 4 Márta 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla (IO L, 2024/829, 8.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/829/oj).

DRÉACHT

**CINNEADH UIMH. 1/2026 ÓN gCOISTE UM INFHEISTÍOCHT A ÉASCÚ ARNA BHUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ UM INFHEISTÍOCHT INBHUANAITHE A ÉASCÚ IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS POBLACHT ANGÓLA**

**an …**

**a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Infheistíocht a Éascú**

TÁ AN COISTE UM INFHEISTÍOCHT A ÉASCÚ,

Ag féachaint don Chomhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla ([1]), arna shíniú in Luanda an 17 Samhain 2023, agus go háirithe Airteagal 44(2) de,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Glacadh**

Glactar leis seo Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Infheistíocht a Éascú, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann an Choiste um Infheistíocht a Éascú*

*Thar ceann Angóla* | *Na Comhchathaoirligh* | *Thar ceann an Aontais Eorpaigh*

([1]) IO L, 2024/830, 8.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree/2024/830/oj.

*IARSCRÍBHINN*

RIALACHA NÓS IMEACHTA AN CHOISTE UM INFHEISTÍOCHT A ÉASCÚ

*Airteagal 1*

**Freagracht agus Ainm an Choiste um Infheistíocht a Éascú**

1. Tá an Coiste arna bhunú de bhun Airteagal 43 den Chomhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) freagrach as gach ábhar dá dtagraítear in Airteagal 44 den Chomhaontú.

2. Tabharfar an Coiste um Infheistíocht a Éascú ar an gCoiste ina dhoiciméid, lena n-áirítear cinntí agus moltaí.

*Airteagal 2*

**Comhdhéanamh agus Cathaoirleach**

1. De bhun Airteagal 43 den Chomhaontú, beidh an Coiste um Infheistíocht a Éascú comhdhéanta d'ionadaithe ón Aontas Eorpach (dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta) agus ó Phoblacht Angóla (dá ngairtear 'Angóla' anseo feasta).

2. Is iad an Comhalta den Choimisiún Eorpach atá i gceannas ar an trádáil thar ceann an Aontais agus an tAire Pleanála thar ceann Angóla, faoi seach, nó a n-ainmnithe faoi seach, a bheidh ina gcomhchathaoirligh ar an gCoiste um Infheistíocht a Éascú.

*Airteagal 3*

**Rúnaíocht**

1. Is i gcomhar le chéile mar Rúnaíocht an Choiste um Infheistíocht a Éascú a ghníomhóidh oifigeach ón roinn faoi fhreagracht gach Comhchathaoirleach dá dtagraítear in Airteagal 2(2).

2. Tabharfaidh gach Páirtí fógra dá chéile faoi ainm, post, agus sonraí teagmhála an oifigigh atá ina chomhalta de Rúnaíocht an Choiste um Infheistíocht a Éascú thar ceann an Pháirtí sin. Measfar an t-oifigeach sin a bheith fós ag gníomhú mar chomhalta den Rúnaíocht thar ceann an Pháirtí go dtí an dáta a thabharfaidh an Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi chomhalta nua.

*Airteagal 4*

**Cruinnithe**

Is é Comhchathaoirleach an Pháirtí atá ina óstach ar an gcruinniú a dhéanfaidh cruinnithe an Choiste um Infheistíocht a Éascú a thionól.

*Airteagal 5*

**Toscaireachtaí**

Tréimhse réasúnta ama roimh aon chruinniú, déanfaidh an t-oifigeach atá ag gníomhú mar Rúnaí ar an gCoiste um Infheistíocht a Éascú thar ceann gach Páirtí an t-oifigeach atá ag gníomhú mar Rúnaí thar ceann an Pháirtí eile a chur ar an eolas faoin gcomhdhéanamh atá beartaithe le haghaidh thoscaireachtaí an Aontais agus Angóla faoi seach. Sna liostaí sin, sonrófar ainm agus feidhm gach comhalta den toscaireacht.

*Airteagal 6*

**An clár oibre le haghaidh na gcruinnithe**

1. Dréachtóidh Rúnaí an Choiste um Infheistíocht a Éascú clár oibre sealadach do gach cruinniú, 14 lá roimh an gcruinniú ar a laghad, ar bhonn togra ón bPáirtí a bheidh ina óstach ar an gcruinniú. Tabharfar spriocdháta don Pháirtí eile barúlacha a sholáthar.

2. Glacfaidh an Coiste um Infheistíocht a Éascú an clár oibre ag tús gach cruinnithe. Féadfar míreanna nach bhfuil ar an gclár oibre sealadach a chur ar an gclár oibre de chomhthoil.

*Airteagal 7*

**Cuireadh a thabhairt do shaineolaithe**

Féadfaidh Comhchathaoirligh an Choiste um Infheistíocht a Éascú, trí chomhaontú frithpháirteach, cuireadh a tabhairt do shaineolaithe (i.e. saineolaithe nach oifigigh rialtais iad) freastal ar chruinnithe den Choiste um Infheistíocht a Éascú chun faisnéis a sholáthar maidir le hábhair shonracha agus le haghaidh na gcodanna den chruinniú ina bpléitear na hábhair shonracha sin amháin.

*Airteagal 8*

**Miontuairiscí**

1. An t-oifigeach atá ag gníomhú mar chomhalta den Rúnaíocht thar ceann an Pháirtí atá ina óstach ar an gcruinniú, dréachtóidh sé dréacht-mhiontuairiscí ar gach cruinniú laistigh de 15 lá ó dheireadh an chruinnithe, mura gcinnfidh na Comhchathaoirligh a mhalairt. Seolfar na dréacht-mhiontuairiscí chuig an gcomhalta den Rúnaíocht ón bPáirtí eile ar mhaithe le barúlacha a fháil.

2. Déanfar achoimre sna miontuairiscí, mar riail ghinearálta, ar gach mír atá ar an gclár oibre, agus sonrófar an méid seo a leanas iontu, i gcás inarb infheidhme:

(a) gach doiciméad a cuireadh faoi bhráid an Choiste um Infheistíocht a Éascú;

(b) aon ráiteas a d'iarr duine de Chomhchathaoirligh an Choiste um Infheistíocht a Éascú a chur leis na miontuairiscí; agus

(c) na cinntí a rinneadh, na moltaí a rinneadh, na ráitis a comhaontaíodh agus na conclúidí a glacadh i leith míreanna sonracha.

3. Áireofar sna miontuairiscí liosta ar a mbeidh cinntí uile an Choiste um Infheistíocht a Éascú a rinneadh trí nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 9(2) ón uair dheireanach a raibh cruinniú ag an gCoiste um Infheistíocht a Éascú.

4. Beidh iarscríbhinn ag gabháil leis na miontuairiscí freisin ina mbeidh liosta ainmneacha, teideal agus cáil gach duine a bhí i láthair ag cruinniú an Choiste um Infheistíocht a Éascú.

5. Déanfaidh an Rúnaí athbhreithniú ar na dréacht-mhiontuairiscí ar bhonn na mbarúlacha a fuarthas agus déanfaidh na Páirtithe na dréacht-mhiontuairiscí, arna n-athbhreithniú, a fhormheas laistigh de 30 lá ó dháta an chruinnithe, nó faoi aon dáta eile arna chomhaontú ag na Comhchathaoirligh. Nuair a bheidh siad formheasta, bunóidh an Rúnaíocht dhá scríbhinn bhunaidh de na miontuairiscí agus gheobhaidh na Páirtithe araon scríbhinn bhunaidh amháin díobh.

*Airteagal 9*

**Cinntí agus moltaí**

1. Féadfaidh an Coiste um Infheistíocht a Éascú cinntí agus moltaí a ghlacadh i gcás gach ábhair dá bhforáiltear amhlaidh leis an gComhaontú. Is de chomhthoil a ghlacfaidh an Coiste um Infheistíocht a Éascú cinntí agus moltaí, faoi mar a fhoráiltear in Airteagal 45 den Chomhaontú.

2. Sa tréimhse idir cruinnithe, féadfaidh an Coiste um Infheistíocht a Éascú cinntí nó moltaí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn.

3. Déanfaidh Comhchathaoirleach téacs dréachtchinnidh nó dréachtmholta i scríbhinn a chur faoi bhráid an Chomhchathaoirligh eile i dteanga oibre de chuid an Choiste um Infheistíocht a Éascú. Beidh mí amháin, nó tréimhse níos faide a shonróidh an Páirtí atá á chur chun cinn, ag an bPáirtí eile lena chur in iúl go gcomhaontaíonn sé leis an dréachtchinneadh nó an dréachtmholadh. Mura gcuirfidh an Páirtí eile in iúl go gcomhaontaíonn sé leis, pléifear an cinneadh nó an moladh atá beartaithe agus féadfar é a ghlacadh ag an gcéad chruinniú eile den Choiste um Infheistíocht a Éascú. Measfar na dréachtchinntí nó na dréachtmholtaí a bheith glactha a luaithe a chuirfidh an Páirtí eile in iúl go gcomhaontaíonn sé leo agus déanfar iad a thaifeadadh i miontuairiscí an chéad chruinnithe eile a bheidh ag an gCoiste um Infheistíocht a Éascú de bhun Airteagal 8(3).

4. I gcás ina dtugtar de chumhacht don Choiste um Infheistíocht a Éascú faoin gComhaontú cinntí nó moltaí a ghlacadh, tabharfar 'Cinneadh' nó 'Moladh' ar na gníomhartha sin faoi seach. Cuirfidh Rúnaíocht an Choiste um Infheistíocht a Éascú sraithuimhir chéimnitheach, dáta glactha agus tuairisc ar an ábhar le haon chinneadh nó moladh. Déanfar foráil i ngach cinneadh agus moladh maidir le dáta a theacht i bhfeidhm.

5. Leagfar na cinntí agus na moltaí arna nglacadh ag an gCoiste um Infheistíocht a Éascú síos i ndúblach, fíordheimhneoidh na Comhchathaoirligh iad agus seolfar cóip amháin do gach Páirtí.

*Airteagal 10*

**Trédhearcacht**

1. Féadfaidh na Páirtithe cinneadh a dhéanamh teacht le chéile go poiblí.

2. Féadfaidh gach Páirtí cinneadh a dhéanamh na cinntí agus na moltaí ón gCoiste um Infheistíocht a Éascú a fhoilsiú ina fhoilseachán oifigiúil féin nó ar líne.

3. Ba cheart gach doiciméad a chuirfidh Páirtí isteach a mheas mar dhoiciméad rúnda, mura gcinnfidh an Páirtí sin a mhalairt.

4. Cuirfear cláir oibre shealadacha na gcruinnithe ar fáil go poiblí sula mbeidh cruinnithe an Choiste um Infheistíocht a Éascú ann. Cuirfear miontuairiscí na gcruinnithe ar fáil go poiblí tar éis a bhformheasta i gcomhréir le hAirteagal 8.

5. Foilseofar na doiciméid a luaitear faoi mhíreanna 2 go 4 i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme de chuid gach Páirtí.

*Airteagal 11*

**Teangacha**

Is iad an Béarla agus an Phortaingéilis na teangacha oibre a bheidh ag an gCoiste um Infheistíocht a Éascú, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

*Airteagal 12*

**Caiteachas**

1. Íocfaidh gach Páirtí as aon chaiteachas a thabhóidh sé de thoradh a bheith rannpháirteach i gcruinnithe an Choiste um Infheistíocht a Éascú, maidir le caiteachas foirne, taistil agus cothaithe go háirithe, agus maidir le caiteachas físchomhdhálacha, teileachomhdhálacha, poist agus teileachumarsáide.

2. Is é an Páirtí atá ina óstach ar an gcruinniú a íocfaidh as caiteachas a bhaineann le heagrú cruinnithe agus atáirgeadh doiciméad.

3. Is é an Páirtí atá ina óstach ar an gcruinniú a íocfaidh as caiteachas a bhaineann le seirbhísí ateangaireachta a chur ar fáil ag cruinnithe idir teangacha oibre an Choiste um Infheistíocht a Éascú ag cruinnithe, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

*Airteagal 13*

**Leasuithe ar na Rialacha Nós Imeachta**

Féadfar na Rialacha Nós Imeachta sin a leasú i scríbhinn le cinneadh ón gCoiste um Infheistíocht a Éascú i gcomhréir le hAirteagal 9.